# An Comhrá Náisiúnta ar an Oideachas

Eochairfhocail: suirbhé, ceisteanna, comhrá, aire oideachais agus óige

Príomhscileanna: Éisteacht, scríobh, léitheoireacht, caint

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cén grúpa atá taobh thiar den chomhrá náisiúnta ar an Oideachas?
2. Cén scoil atá ag glacadh páirte sa suirbhé?
3. Cad ba mhaith le Jack ar scoil?
4. Céard é an rud is mó a chuireann áthas ar an Aire Oideachais agus Óige faoin gCoinbhinsiún?

**Anois, tar éis duit breathnú ar an bhfíseán an féidir leat labhairt leis an duine in aice leat faoi na rudaí gur mhaith leat a fheiceáil ag teacht isteach ar churaclam na scoile. Seo cúpla leid le cabhrú libh:**

· Níos mó turas scoile agus tograí a dhéanamh taobh amuigh den scoil.
· Níos mó spóirt a imirt gach lá
· Níos mó ábhar cruthaitheach a thabhairt isteach sa churaclam
· Cócaireacht, cothú agus folláine a bheith mar rang gach lá

# Na Freagraí

1. Rialtas na hÉireann
2. Scoil an Ghleanna
3. Níos mó spóirt cosúil le liathróid láimhe ar scoil
4. Go mbeidh daltaí scoile chomh hóg le 8 mbliana d'aois ag freastal air

